


# An tUltach Óg


# AN tULTACH OG

# Mol an óige agus tiocfaidh sí

## Praise the young and they will blossom




Ar feadh na mblianta fada, nuair a bhí téacsleabhair Ghaeilge gann, bhí *An tUltach* ina thaisce luachmhar áiseanna teagaisc agus foghlama ag múinteoirí agus daltaí araon.

Given the dearth of Irish-language textbooks, *An tUltach* served as a vital cultural and linguistic educational resource for teachers and young Irish speakers in Ulster.


Bhíodh forlíonadh ann – *An tUltach Óg* – a d'fhreastail ar léitheoirí óga le hailt agus gníomhaíochtaí a chuir lena stór focal agus lena gcumas teanga. Bhíodh scéalta, dánta, crosfhocail, comórtais scríbhneoireachta, ceachtanna ealaíne agus ceisteanna samplacha scrúdaithe ann.

*An tUltach Óg* was a supplement containing articles and activities to help younger readers enrich their vocabulary and improve their proficiency. It included stories, poems, crosswords, writing competitions, art lessons and sample exam questions.





Bhíodh saothar na léitheoirí óga féin i gcló ann, cuid acu a bhain clú mór amach i saol na scríbhneoireachta lá ab fhaide anonn. Bhain Paul Muldoon Duais Pulitzer don fhilíocht in 2003. Ba ar *An tUltach* a foilsíodh dán dá chuid den chéad uair. Bhain Máire Nic Mhaoláin, dalta in Ardscoil an Chlochair i mBaile na hInse, ardchumas amach mar aistritheoir. Chuir sí Gaeilge ar cheann de na leabhair ba mhó ráchairt riamh, *Harry Potter agus an Órchloch*.




The pupils' own work often made it onto the pages of the magazine, with some of them going on to win acclaim as writers. Pulitzer Prize winner Paul Muldoon first had a poem published in *An tUltach*. A crossword competition winner from the Convent in Ballynahinch, Máire Nic Mhaoláin, went on to master the art of translation, giving us an Irish-language version of J.K. Rowling's *Harry Potter and the Philosopher's Stone*.

Cuireann *An tUltach* ábhar oideachais ar fáil go dtí an lá seo féin. In 2018, scríobh Gréagóir Ó Dúill, file, sraith aistí faoi na dánta ar an chúrsa Ardleibhéil Gaeilge. In 2020, le maoiniú ón Chiste Oidhreachta, rinneadh bileoga oibre do dhaltaí Eochairchéim 2 agus 3. Bhí na bileoga bunaithe ar aircív na hirise, a théann siar go 1924. Thig na bileoga a íoslódáil ó shuíomh *An tUltach*. Tá siad mar a bheadh doras isteach ann do ghlúin óg an lae inniu ar ghné thábhachtach dá n-oidhreacht Ghaelach.

To this day, *An tUltach* continues to provide quality educational material, with the poet Gréagóir Ó Dúill penning a resource in 2018 for the Irish A-Level literature module. More recently, through the Stair faoi Cheilt / Hidden History project and support from the Heritage Fund, downloadable worksheets based on the magazine's archive, which stretches back to 1924, were produced for pupils at Keystage 2 and 3. The worksheets give today's generation a unique understanding of their Gaelic cultural heritage.




An tULTACH
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
CISTE OIDHREACHTA
HERITAGE FUND